# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An tSraith Shóisearach, 2025

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Na Clasaicí

## Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Clasaicaí na Sraithe Sóisearaí 2025
Scéim Mharcála

**Roinn A — Miotas agus an Saol Laethúil — 180 marc**

**Eolas Ghinearálta:** 0 marc mura bhfuil freagra bailí no má fágadh an cheist bán.

**Ceist 1: 30 marc**

**(a)** Críochnaigh an tábla a leanas le hainm gach laoich sna híomhánna thuas a scríobh isteach.

**10 marc: 4+3+2+1**

1. Peirséas
2. Aeinéas
3. Earcail
4. Iasón / Méidé

**(b)** Roghnaigh íomhá **amháin** as páirt **(a)** agus luaigh **trí** mhionsonra ón íomhá a chabhraigh leat an laoch a aithint. **8 marc: 3+3+2** (aon sonra bailí)

**(c)** Roghnaigh miotas faoi laoch a ndearna tú staidéar air agus déan cur síos ar ról **aon** charachtair bhaininn sa mhiotas sin. Tig leat miotas a roghnú faoi laoch a léirítear sna híomhánna 1-4.

**12 mharc:** i mbandaí

- Ról = an pháirt a rinneadh sa scéal, na gníomhaíochtaí a rinneadh, níos mó ná cur síos ar an gcarachtar

**12 mharc:** cur síos iomlán ar an ról, eolas mionsonraithe, ní mór an carachtar a ainmniú

**9 marc:** cur síos páirteach ar an ról, eolas ginearálta den chuid is mó, ní mór an carachtar a ainmniú

**6 mharc:** insítear an scéal, tagairt don ról, tagairt don charachtar (m.sh. Banphrionsa na Créite)

**4 mharc:** cur síos an-bhunúsach (ról / carachtar); ní miotas laoich é ach déantar cur síos maith ar an ról

**2 mharc:** ní thugtar ach ainm an mhiotais nó an charachtair bhaininn

**Ceist 2: 30 marc**

**(a)** Léigh na ráitis a leanas faoin sliocht. Cuir tic () sa bhosca le chur in iúl cé acu an bhfuil gach ráiteas fíor **nó** bréagach.

**10 marc: 2 mharc an ceann**

**(i)** **Bréagach**
**(ii)** **Bréagach**
**(iii)** **Fíor**
**(iv)** **Bréagach**
**(v)** **Fíor**

**(b)** Ainmnigh **dhá** ghníomh a rinne Romalas **nó** Réamas sa sliocht thuas agus mínigh an chúis a ndearnadh gach gníomh acu.

**8 marc: 4 mharc do gach beart**

**4 mharc:** gníomhaíocht bhailí agus míniú mionsonraithe

**2 mharc:** gníomhaíocht bhailí agus roinnt mínithe

**1 mharc:** ainmnítear an ghníomhaíocht bhailí agus é sin amháin

**(c)** Bunaithe ar an leagan seo de mhiotas Romalais agus Réamais, cad iad **dhá** luach a bhí tábhachtach do na Rómhánaigh, dar leat? Mínigh do fhreagra.

**12 mharc: 6 mharc do gach luach**

**6 mharc:** luach bailí agus míniú mionsonraithe

**3 mharc:** luach bailí agus roinnt mínithe

**1 mharc:** ainmnítear an luach bailí agus é sin amháin

**Ceist 3: 30 marc**

**(a)** Tabhair **dhá** dhifríocht idir na leaganacha den mhiotas in Téacs A agus Téacs B.

**5 mharc: 3+2** (aon difríocht bhailí)

**(b)** Cé acu leagan den mhiotas is fearr leat, Téacs A **nó** Téacs B? Mínigh do fhreagra le hanailís ar mhionsonraí as an **dá** théacs.

**15 mharc:** i mbandaí

**15 mharc:** míniú an-mhaith ar an rogha, anailís forbartha trí úsáid a bhaint as sonraí ón **dá** théacs

**12 mharc:** míniú an-mhaith ar an rogha, roinnt anailíse trí úsáid a bhaint as sonraí ón **dá** théacs

**9 marc** míniú maith ar an rogha, roinnt anailíse, sonraí ó théacs **amháin**

**5 mharc:** ráiteas nó míniú an-bhunúsach ar an rogha

**(c)** Mínigh an chúis a bhfuil leaganacha difriúla ann de mhiotais Shean-Ghréagacha / Shean-Rómhánacha.

**10 marc:**i mbandaí

**10 marc:** míniú an-mhaith, eolas mionsonraithe

**7 marc:** míniú maith, eolas ginearálta den chuid is mó

**4 mharc:** míniú bunúsach

**2 mharc:** míniú an-bhunúsach

**Ceist 4: 30 marc**

**(a)** Cad is féidir linn a fhoghlaim ó na híomhánna seo faoi chothú agus itheachán sa tSean-Ghréig agus sa tSean-Róimh?
Tagair do mhionsonra amháin ar a **laghad** as gach íomhá i do fhreagra.

**15 mharc:** 5 mharc ar gach íomhá

**5 mharc:** pointe an-mhaith, sonra sonrach san íomhá in úsáid

**3 mharc:** pointe maith, tagairt ghinearálta don íomhá

**1 mharc:** pointe an-bhunúsach

**(b)** An bhfaigheann aos óg an lae inniu taithí ar bhia sa tslí chéanna is a bhíodh ag an aos óg sa tSean-Ghréig **nó** sa tSean-Róimh? Tabhair cúiseanna ar do fhreagra agus cuir san áireamh sain-mhionsonraí.

**15 mharc:** i mbandaí

**15 mharc:** pointí forbartha, fianaise mhionsonraithe ag teacht leo, samplaí maithe

**12 mharc:** pointí maithe, roinnt fianaise mionsonraithe ag teacht leo

**9 marc:** míniú ar phointe maith amháin ar a laghad **nó** luaitear roinnt mhaith pointí gairide, fianaise shonrach

**6 mharc:** míniú páirteach, fianaise ghinearálta, easpa comparáide

**3 mharc:**ráiteas an-bhunúsach, gan cúis ar bith

**Ceist 5: 32 marc**

Roghnaigh duine **amháin** as Liosta A **agus** roghnaigh duine **amháin** as Liosta B.
Tabhair **ceithre** ghiota eolais faoi eispéiris gach duine acu sa tsochaí. Is cóir duit sain-mhionsonraí a thabhairt, amhail faoina: ngnáthaimh laethúla, saol baile, stádas sóisialta agus gairm bheatha.

**32 mharc: 16 mharc (4x4) ar gach duine**
**4 mharc:** ar gach pointe mionsonraithe
**2 mharc:** ar gach pointe bailí

**Ceist 6: 28 marc**

**(a)** Cad é an nós nó an cleachtas ba neamhghnáiche a bhí ag daoine a mhair sa tSean-Ghréig **nó** sa tSean-Róimh, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**14 mharc:** i mbandaí

**14 mharc:** pointí forbartha faoi aduaine custaim nó cleachtais, fianaise an-sonrach / mhionsonraithe ag teacht leo

**12 mharc:** pointí maithe faoi aduaine custaim nó cleachtais, roinnt fianaise sonrach / mionsonraithe ag teacht leo

**9 marc:** plé ar aduaine custaim nó cleachtais, fianaise ghinearálta

**6 mharc:** díriú ar na ceisteanna, iarracht míniú a thabhairt

**3 mharc:**ráiteas an-bhunúsach faoi chustam nó cleachtas, gan cúis ar bith

**(b)** Conas a chabhraigh foghlaim faoin tSean-Ghréig agus faoin tSean-Róimh leat an domhan ina bhfuil cónaí orainn inniu a thuiscint? I do fhreagra tig leat do staidéar ar mhiotas **agus/ nó** ar an saol laethúil a phlé.

**14 mharc:**i mbandaí

**14 mharc:** pointí forbartha, fianaise an-sonrach / mhionsonraithe ag teacht leo

**12 mharc:** pointí maithe, roinnt fianaise shonrach / mhionsonraithe ag teacht leo

**9 marc:** míniú ar phointe amháin, fianaise ghinearálta

**6 mharc:** díriú ar na ceisteanna, iarracht míniú a thabhairt

**3 mharc:**ráiteas an-bhunúsach

| **Roinn B** | **Domhan Aichill, an Róimh** | **180 marc** |
|---|---|---|

**Ceist 7: 30 marc**

**(a)** Sainaithin na cineálacha foirgneamh in íomhánna 1-3 trí uimhir gach íomhá a scríobh sa tábla thíos.

**5 mharc: 2+2+1**

| **Foirgneamh:** | **Amfaitéatar** | **Teampall** | **Thermae** |
|---|---|---|---|
| **Uimhir na híomhá:** | 3. | 2. | 1. |

**(b)** Roghnaigh íomhá amháin as páirt (a) agus déan cur síos ar thrí ghné ailtireachta san íomhá.

**15 mharc: 5 mharc (2+3) ar gach gné**

**Ainm: 2 mharc**

**Cur síos:**

**3 mharc:**cur síos maith ar an ngné

**1 mharc:** cur síos an-bhunúsach ar an ngné

**(c)** Mínigh an fheidhm a bhaintí as **dhá** cheann ar bith d'fhoirgnimh, struchtúir nó spásanna poiblí sa tSean-Róimh a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**10 marc: 5 mharc (1+4) ar gach feidhm foirgnimh**

**Ainm: 1 mharc**

**Feidhm:**

**4 mharc:** míniú maith ar an bhfeidhm

**2 mharc:** míniú an-bhunúsach ar an bhfeidhm

**Ceist 8: 30 marc**
Samhlaigh go bhfuil tú ag freastal ar ócáid nó ag glacadh páirt i ngníomhaíocht in ionad poiblí sa tSean-Róimh, agus freagair na ceisteanna thíos.

**(a)** Déan cur síos ar an ócáid / gníomhaíocht, agus cuir mionsonraí faoi na pointí thíos san áireamh. Tig leat tacú le do fhreagra le léaráid sa spás ar an gcéad leathanach eile.

- cé atá i láthair
- cad atá ar siúl
- do thaithí phearsanta ar fhreastal nó ar rannpháirtíocht.
- leagan amach an fhoirgnimh, struchtúir nó spáis phoiblí áit a dtarlaíonn sí.

**22 mharc: 1+1+20**
Teideal an eachtra: **1 mharc**
Ainm an fhoirgnimh: **1 mharc**
Cur síos: 20 marc i mbandaí
**20 marc:** cur síos an-mhionsonraithe, plé ar gach **ceithre** phointe
**15 mharc:** cur síos mionsonraithe, plé maith ar **thrí** phointe ar a laghad
**10 marc:** cur síos ginearálta den chuid is mó nó **dhá** phointe mhionsonraithe
**5 mharc:** cur síos an-bhunúsach

**(b)** Mínigh an chúis a dtarlaíonn an eachtra / an ghníomhaíocht i gcuid **(a)** san fhoirgneamh, struchtúr nó spás poiblí áirithe seo.

**8 marc:** i mbandaí
**8 marc:** míniú an-mhaith
**5 mharc:** míniú maith
**2 mharc:** ráiteas nó míniú an-bhunúsach

**Ceist 9: 30 marc**

**(a)** Cén fáth ar áirigh na Rómhánaigh saothair ealaíne, ar nós na dealbhóireachta a léirítear in Íomhá A, nuair a choimisiúnaigh siad foirgnimh, struchtúir nó spásanna poiblí? Mínigh do fhreagra, agus tagair do shampla **amháin ar a laghad** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**15 mharc:** i mbandaí
**15 mharc:** pointí forbartha, fianaise an-sonrach / an-mhionsonraithe ag teacht leo, tagairt d'ealaín / d'ailtireacht sampla
**12 mharc:** pointí maithe, roinnt fianaise sonrach / mhionsonraithe ag teacht leo, tagairt d'ealaín / d'ailtireacht sampla
**9 marc:** míniú ar phointe amháin, fianaise ghinearálta, tagairt do shampla
**5 mharc:** ráiteas an-bhunúsach, gan cúis ar bith

**(b)** An bhfuil ealaín / ailtireacht úsáideach mar fhoinse staire, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra le fianaise ó fhoirgneamh, struchtúr nó spás poiblí **amháin ar a laghad a** bhfuil staidéar déanta agat air.

**15 mharc:** i mbandaí
**15 mharc:** pointí forbartha, fianaise an-sonrach / an-mhionsonraithe ag teacht leo, tagairt do shampla
**12 mharc:** pointí maithe, roinnt fianaise sonrach / mhionsonraithe ag teacht leo, tagairt do

shampla

**9 marc:** míniú ar phointe amháin, fianaise ghinearálta, tagairt do shampla

**5 mharc:** ráiteas an-bhunúsach, gan cúis ar bith

**Ceist 10: 30 marc**

**(a)** Déan cur síos go mion ar na torthaí idirghabhála Apalló i dTéacs A.

**10 marc:** i mbandaí

**10 marc:** cur síos an-mhaith, eolas mionsonraithe

**7 marc:** cur síos maith, eolas ginearálta den chuid is mó, ag brath ar ráitis, go hiomlán cruinn

**4 mharc:** roinnt eolas cruinn **nó** ráitis ón téacs amháin seachas cur síos dílis

**2 mharc:** pointe an-bhunúsach

**(b)** An aontaíonn tú go bhfuil an locht ar na déithe / bandéithe as an bhfulaingt agus an phian san *Íliad*? Mínigh do fhreagra le samplaí ó Théacs A **agus** le samplaí eile ón *Íliad*.

**12 mharc:** i mbandaí

**12 mharc:** pointí forbartha, fianaise an-sonrach / an-mhionsonraithe ó Théacs A ag teacht leo **agus** sampla amháin eile ar a laghad ó théacs *Iliad* (i.e. **ní** cúlra amháin, m.sh. Breithiúnas Phairis)

**9 marc:** pointí maithe, roinnt fianaise shonrach / mionsonraithe ag teacht leo, fianaise ó Théacs A **agus** ó shampla amháin eile ar a laghad ó *Iliad*

**6 mharc:** míniú ar phointe maith amháin, fianaise ghinearálta, tagairt do Théacs A **nó** *Iliad*

**3 mharc:**ráiteas, míniú nó sampla an-bhunúsach

**(c)** Tabhair **dhá** chúis nach leanann gníomhartha Euphorbus an cód Hóiméarach do laochra.

**8 marc: 4 mharc ar gach cúis**

**4 mharc:** freagra bailí

**Ceist 11: 30 marc**

**(a)** Tabhair sainmhíniú ar **cheithre** cinn de na coincheapa Sean-Ghréagacha seo.

**12 mharc: 3 mharc ar gach coincheap**

**3 mharc:** sainmhíniú maith

**1 mharc:** sainmhíniú an-bhunúsach

**(b)** An dóigh leat go bhfuil na coincheapa Sean-Ghréagacha i bpáirt **(a)** ábhartha fós do dhéagóirí an lae inniu? Tabhair fáth le do fhreagra.

**6 mharc:** i mbandaí

**6 mharc:** míniú maith

**4 mharc:** iarracht mhaith ar mhíniú a thabhairt

**2 mharc:** ráiteas an-bhunúsach

**(c)** Cé acu ceann den dá laoch seo, Aichill **nó** Eachtar, is fearr a léiríonn an cód Hóiméarach ina chuid gníomhartha, dar leat? Bíodh fianaise agat as an *Íliad* mar thacaíocht le do fhreagra.

**12 mharc:** i mbandaí

**12 mharc:** pointí forbartha, fianaise an-sonrach / an-mhionsonraithe ó *Iliad* ag teacht leo, naisc

mhaithe leis an gcód Hóiméarach

**9 marc:** pointí maithe, roinnt fianaise shonrach / mhionsonraithe ó *Iliad* ag teacht leo, naisc leis an gcód Hóiméarach

**6 mharc:** míniú ar phointe maith amháin ar a laghad, fianaise ghinearálta, tagairt do *Iliad*

**3 mharc:**ráiteas, míniú nó sampla an-bhunúsach

**Ceist 12: 30 marc**

**(a)** Meaitseáil ainm gach carachtair thíos lena gcur síos agus comhlánaigh an tábla.
Tá an chéad cheann déanta duit.

**10 marc: 2 mharc an ceann**

| Cur síos | Uimhir |
|---|---|
| an aghaidh a lainseáil míle long | 4. |
| athair Eachtair | **2** |
| duais chogaidh Aichill | **1** |
| máthair Eachtair | **3** |
| duais chogaidh Agaiméamnóin | **6** |
| mac le hEachtar. | **5** |

**(b)** Bunaithe ar do léamh ar an *Íliad*, mínigh conas a d'imir Cogadh na Traí tionchar ar charachtar neamhchomhraiceach **amháin**. Is ceadmhach carachtar a phlé ón liosta i bpáirt **(a)**.

**10 marc:** i mbandaí

**10 marc:** míniú an-mhaith, fianaise an-sonrach / an-mhionsonraithe ó *Iliad* ag teacht leis

**7 marc:** míniú maith, roinnt fianaise shonrach / mhionsonraithe ó *Iliad* ag teacht leis

**5 mharc:** míniú ar phointe maith amháin **nó** roinnt mhaith ráitis ghairide, fianaise ghinearálta

**3 mharc:**ráiteas, míniú nó sampla an-bhunúsach; ní dhéantar ach an carachtar a ainmniú

**(c)** I do thuairim, cén cineál carachtair san *Íliad* is spéisiúla, laoch **nó** carachtar neamhchomhraiceach? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**10 marc:** i mbandaí

**10 marc:** pointí forbartha, fianaise an-sonrach / an-mhionsonraithe ó *Iliad* ag teacht leo

**7 marc:** pointí maithe, roinnt fianaise shonrach / mhionsonraithe ó *Iliad* ag teacht leo

**5 mharc:** míniú ar phointe maith amháin **nó** roinnt mhaith ráitis ghairide, fianaise ghinearálta

**3 mharc:**ráiteas, míniú nó sampla an-bhunúsach

| Roinn C | Laidin – Teanga Chlasaiceach | 180 marc |
|---|---|---|

**Ceist 13: 17 marc**

**(a)** Scríobh uimhir gach frása nó giorrúcháin Laidine thíos isteach sa bhosca in aice lena bhrí.
**12 mharc: 2 mharc an ceann**

| **Brí** | **Uimhir** |
|---|---|
| intinn faoi smacht | 6 |
| scríofa ina dhiaidh | 5 |
| in ionad tuismitheora | 1 |
| tar éis meán lae | 3 |
| beir ar an bhfaill | 4 |
| sna focail chéanna go díreach | 2 |

**(b)** Cén fáth a n-úsáidtear frásaí agus giorrúcháin Laidine fós inniu, dar leat? Mínigh do fhreagra.
**5 mharc: i mbandaí**
**5 mharc:** míniú an-mhaith
**3 mharc:** míniú maith
**1 mharc:** easpa mínithe

**Ceist 14: 22 marc**

**(a)** Comhlánaigh an tábla thíos faoi na haidiachtaí Béarla i mBosca A a díorthaíodh ó ainmfhocail na Laidine. Tá an chéad cheann déanta duit.

**12 mharc: 1 mharc in aghaidh na míre**

| Míniú ar aidiacht Bhéarla i mBosca A | Aidiacht Bhéarla i mBosca A | Ainmfhocal Laidine (ainmneach uatha, ginideach uatha) |
|---|---|---|
| ar nós capaill | equine | equus, equi |
| cairdiúil | **amicable** | **amicus, amici**<br>**amica, amicae** |
| bainteach le mac nó iníon | **filial** | **filius, filii**<br>**filia, filiae** |
| páistiúil | **puerile** | **puer, pueri** |
| ar nós leoin | **leonine** | **leo, leonis** |

**(b)** Comhlánaigh an tábla thíos agus scríobh isteach an chéad trí phríomhpháirt de gach briathar Laidine óna dtagann na haidiachtaí Béarla seo. Tá an chéad cheann déanta duit.

**10 marc: 5 mharc in aghaidh an bhriathair(2+2+1)**

| Aidiacht Bhéarla | Briathar Laidine (an chéad trí phríomhpháirt) |
|---|---|
| visible | video, videre, vidi |
| portable | **porto, portare, portavi,** |
| audible | **audio, audire, audivi** |

**Ceist 15: 20 marc: 5 mharc an ceann**

3,
1,
4,
2.

**Ceist 16: 8 marc: 2 mharc an ceann**

2,
4,
1,
3.

**Ceist 17: 10 marc: 2 mharc an ceann**

**(a)** Trōiānōs
**(b)** Parāre
**(c)** multa
**(d)** nārrat
**(e)** quī

**Ceist 18: 15 mharc: 3 mharc an ceann**

**(a)** threoraigh na déithe thú
**(b)** má fhanann tú inár gcathair
**(c)** Ní theastaíonn ó Aeinéas an chathair a fhágáil
**(d)** Cuireann Iúpatar Mearcair amach go feargach
**(e)** níos brónaí ná Aeinéas

**Ceist 19: 31 marc**

- Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as eolas breise mícheart a chur san áireamh
- Féadfar páirtchreidiúint a thabhairt d'iarrthóirí as freagraí a chuimsíonn:
    - Eolas ábhartha bunaithe ar a dtuiscint ar fhocail/frásaí aonair
    - Eolas ábhartha bunaithe ar a dtuiscint ghinearálta ar an sliocht

Freagraí táscacha

**(a)** **3 mharc:** 2 ligean orthu de bheith + 1 fir

**(b)** **3 mharc:** 2 codladh + 1 i dteach

**(c)** **6 mharc:** dhá phointe ón téacs / léirmhíniú bailí ar an téacs
**3 mharc:** pointe amháin ón téacs

**(d)** **3 mharc:** 2 teach beag + 1 daoine oscailte / fáilteacha

**(e)** **3 mharc:** 3 tugadh cuireadh isteach dóibh; (bhéic gan ach 1 mharc)

**(f)** **6 mharc:** dhá phointe ón téacs / léirmhíniú bailí ar an téacs
**3 mharc:** pointe amháin ón téacs

**(g)** **3 mharc:** 2 tagtha i láthair + arís 1

**(h)** **4 mharc:** 3 rinneadh fíon + de rud ar bith 1

**Ceist 20: 57 marc**

Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as focail a chur isteach nó a aistriú ar bhealach níos gonta fad is a choinnítear an bhrí iomlán.

- Tabhair marcanna iomlána in aghaidh na habairte nuair atá siad **comhchiallach ar a laghad** leis na gciall fhoriomlán.
- Tabhair 1 mharc in aghaidh an fhocail nuair atá an t-aistriúchán **comhchiallach ar a laghad.**
- Tabhair páirtmharcanna in aghaidh an fhocail nuair atá mionearráid **amháin** ann. (Féach an tAguisín)
- Tabhair 0 marc in aghaidh an fhocail a**s níos mó ná dhá** mhionearráid nó earráid mhór **amháin**. (Féach an tAguisín)
- Tabhair 0 marc ar gach focal suntasach atá **fágtha ar lár** ón aistriúchán.

Philēmōn … sedēbant. **8 marc**

Iuppiter … dīxit: **6 mharc**

"prō … dabō." **6 mharc**

subitō … mūtāvit. **8 marc**

tum … cupitis?" **7 marc**

Philēmōn … cupimus." **8 marc**

vir … custōdiēbant. **8 marc**

tandem … mūtāvit. **6 mharc**

| Roinn D | Sean-Ghréigis – Teanga Chlasaiceach | 180 marc |
|---|---|---|

**Ceist 21: 21 marc**

**12 mharc: 2 mharc an ceann**

**(c)** ἀσθμα

**(e)** χολερα

**(f)** ἀναιμια

**(a)** γλαυκωμα

**(b)** ἐκζεμα

**(d)** ἀρθριτις

**(g) 9 marc: 3 mharc an ceann**

**Ceist 22: 14 mharc**

**(a)** Focal Ceart Sean-Ghréigise**(4 mharc)**
**(b)** Focail Cheart Sean-Ghréigise**(5 marks, 3+2)**

*** Ní bhronntar aon mharcanna mura dtagann na focail ó Abairt A**

**(c) 5 mharc (3+1+1)**
Brí cheart an fhocail Bhéarla: **3 mharc**
Tagairt do bhrí gach focal Gréigise: **1 mharc an ceann**

**Ceist 23: 20 marc: 4 mharc an ceann**

3,
4,
1,
2,
5.

**Ceist 24: 15 mharc: 3 mharc an ceann**
**(a)** thit an rí, **(b)** rinne mé dochar do, **(c)** é, **(d)** a, **(e)**ó.

**Ceist 25: 10 marc: 2 mharc an ceann**
**(a)** βραχιονα, **(b)** ἀποθανειν, **(c)** μοι, **(d)** εἰς, **(e)** ἀνδρειος.

**Ceist 26: 33 marc**

- Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as eolas breise mícheart a chur san áireamh
- Féadfar páirtchreidiúint a thabhairt d'iarrthóirí as freagraí a chuimsíonn:
  - Eolas ábhartha bunaithe ar a dtuiscint ar fhocail/frásaí aonair
  - Eolas ábhartha bunaithe ar a dtuiscint ghinearálta ar an sliocht

Freagraí táscacha

**(a) 3 mharc:** (2+1) aon dá phointe bhailí; Is cailín í, Tá Apalló i ngrá léi, iníon Phlegas

**(b) 3 mharc:** (2+1) Tá a mhac /a hiníon á (h)iompar ag Koronis

**(c) 3 mharc:** (1 tuairim + 2 chúis)tá sí i ngrá le fear eile / tá sí ina cónaí le fear eile; 1 mharc ar gan a bheith sásta faoin toircheas

**(d) 3 mharc:** (2+1) athraíonn an charóg ó dhubh go bán

**(e) 3 mharc:** (2+ 1) Tógann Apalló Asklepios ó bholg a mháthar

**(f) 3 mharc:** (2+1) go Céarón an ceinteár

**(g) 3 mharc:** (1+1+1) saíocht an leighis agus na n-ainmhithe

**(h) 6 mharc:** (3+3) cuirtear cosc ar a mbás + treoraíonn sé amach ó Háidéas iad; léirmhíniú bailí ar an dá phointe

**(i) 6 mharc:** (2+2+2)

**Ceist 27: 54 marc**

- Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as focail a chur isteach nó a aistriú ar bhealach níos gonta fad is a choinnítear an bhrí iomlán.
- Tabhair marcanna iomlána in aghaidh na habairte nuair atá siad **comhchiallach ar a laghad** leis na gciall fhoriomlán.
- Tabhair 1 mharc in aghaidh an fhocail nuair atá an t-aistriúchán **comhchiallach ar a laghad.**
- Tabhair páirtmharcanna in aghaidh an fhocail nuair atá mionearráid **amháin** ann. (Féach an tAguisín)
- Tabhair 0 marc in aghaidh an fhocail a**s níos mó ná dhá** mhionearráid nó earráid mhór **amháin**. (Féach an tAguisín)
- Tabhair 0 marc ar gach focal suntasach atá **fágtha ar lár** ón aistriúchán.

<u>Ἀσκληπιος</u>... εἰπεν· **(8 marc)**
"φοβον... <u>φαρμακα</u>." **(7 marc)**
οὐν... <u>κεραυνῳ</u>. **(5 mharc)**
Ἀπολλων... <u>ἐποιησαν</u>. **(8 marc)** (1 mharc ar <u>ὠργισθη Διι</u>)
Ζευς... ἠθελησεν, **(6 mharc)**
ἀλλα... ἐκελευσεν. **(9 marc)** (1 mharc ar <u>ἀντι τουτου</u>)
ὁ μεν Ἀπολλων... ἐπαθεν. **(11 mharc)**

**Ceist 28: 13 mharc**

**(a) 8 marc: 2 mharc an ceann**

**(i)** Fíor **(ii)** Bréagach **(iii)** Fíor**(iv)** Fíor

**(b) 5 mharc: i mbandaí**

**5 mharc**: míniú an-mhaith
**3 mharc**: míniú maith
**1 mharc:** easpa mínithe

## Aguisín: Samplaí de mhionearráidí agus de mhórearráidí san aistriúchán

Aistriúchán Laidine go Béarla/Gaeilge.

**Samplaí de 'mhionearráid':**
- nuair a léiríonn aistriúchán tuiscint neamhiomlán ar:
  - aimsir, modh, nó ábhar briathair
  - tuiseal nó uimhir ainmfhocail
  - comhaontú nó céim aidiachta (m.sh. breischéim in ionad sárchéime)
  - uimhir, pearsa nó inscne forainm (m.sh. é (him) ina ionad é (it)
  - gaol idir ábhar agus oibiacht briathair
  - aistriúchán ar thuiseal tabharthach, ginideach nó tuiseal tabharthach
  - brí/ sainmhíniú ar fhocal

**Sampla de 'mhór-earráid':**
- nuair a léiríonn aistriúchán tuiscint neamhleor ar:
  - brí/ sainmhíniú ar fhocal

Aistriúchán na Sean-Ghréigise go Béarla/Gaeilge

**Samplaí de 'mhionearráid':**
- nuair a léiríonn aistriúchán tuiscint neamhiomlán ar:
  - aimsir, modh, nó ábhar briathair
  - tuiseal nó uimhir ainmfhocail
  - comhaontú nó céim aidiachta (m.sh. breischéim in ionad sárchéime)
  - uimhir, pearsa nó inscne forainm (m.sh. é (him) ina ionad é (it)
  - gaol idir ábhar agus oibiacht briathair
  - aistriúchán ar an tuiseal tabharthach nó tuiseal ginideach
  - brí/ sainmhíniú ar fhocal

**Sampla de 'mhór-earráid':**
- nuair a léiríonn aistriúchán tuiscint neamhleor ar:
  - brí/ sainmhíniú ar fhocal